Tá SciFest ina pháirtí ag Dúshlán Gaisce 'Gradam an Uachtaráin'

Taispeántas Inscoile SciFest@School STEM a Eagrú

Tosaigh le d'ócáid a chlárú le SciFest – cliceáil anseo chun an fhoirm chlárúcháin a íoslódáil. Is féidir le SciFest tacaíocht bhreise a chur ar fáil do thaispeántas SciFest@School STEM le duaiseanna, teastais do scoláirí rannpháirteacha, 'aiscíní' (rudaí in aisce) le tabhairt amach ar an lá, moltóirí agus pacáiste tacaíochta SciFest@School. Chomh maith leis sin, tabharfaidh duine d'fhoireann SciFest, má tá an duine sin ar fáil, cuairt ar an scoil ar an lá chun cabhair a thabhairt leis an eagrú agus le moltóireacht a dhéanamh, más gá.

Nóta. Is féidir taispeántais SciFest@School STEM a chur ar siúl am ar bith i rith na bliana. Ach, ba chóir duit do thaispeántas a chur ar siúl **roimh 12 Márta** más mian leat tionscadail a roghnú le dul ar aghaidh **SciFest@College 2020**. An dáta deiridh le haghaidh iarratas ar SciFest@College 2026 ná **Déardaoin 12 Márta**. (Is féidir tionscadail a chur isteach i SciFest@College gan páirt a ghlacadh roimh ré i dtaispeántas SciFest@School.)

Tá na **deich gcéim** thios leagtha amach mar threoir duit sa phróiseas chun taispeántas STEM a mbeidh rath air a chur ar siúl i do scoilse. Más mian leat plé a dhéanamh ar aon chuid den eagrú a bhaineann le taispeántas STEM, déan teagmháil más é do thoil é le SciFest tríd an suíomh gréasáin – https://scifest.ie/#ContactUs .

1. Tóg go bog é ar dtús. Má tá taispeántas STEM á eagrú agat don chéad uair, coimeád na rannpháirtithe teoranta do bhliianghrúpa ar leith nó fiú amháin do rang-ghrúpa nó dhó. De ghnáth bíonn scoláirí na chéad bhliana nó an dara bliain an-díograiseach agus baineann siad taitneamh as páirt a ghlacadh i rud atá éagsúil.
2. Ná tóg an t-iomlán ort féin. Iarr cabhair ar mhúinteoir eolaíochta eile. Níos fearr fós, bíodh lámh ag gach ball de roinn na heolaíocht san ócáid.
3. Leag amach plean agus socraigh:
   - Cén uair? – Is féidir taispeántas STEM a chur ar siúl am ar bith i rith na scoilbhliana ach cuimhnigh go mbíonn an dáta deiridh ar iarratais ar SciFest@College go luath i mí an Mhárta. Roghnaigh dáta oiriúnach as féilire na scoile.

     Moltaí eile:

     - Oíche na hIdirbhliana
     - Le linn na mbréagscrúduithe – b'fhéidir go mbeidh saotharlann ar fáil
     - Lá Oscailte
     - Seachtain na hEolaíochta
     - Díreach roimh chruinniú múinteoirí agus tuismitheoirí – fág na tionscadail ar taispeáint
   - Cén áit? – Oibrigh amach líon na dtionscadal agus roghnaigh an t-ionad is oiriúnaí. Áit ar féidir iad a fhágáil ar taispeáint ar feadh cúpla lá is ea is fearr.
4. Abair leis an bPríomhoide céard tá beartaithe agat. Bíodh plean inoibrithe réidh agat sula labhraíonn tú leis/léi.
5. Tabhair neart réamhfhógra do do chomhghleacaithe i ranna eile faoin taispeántas STEM. Is breá le scoláirí moladh a fháil. Tabhair cuireadh do mhúinteoirí eile a gcuid ranganna a thabhairt leis na tionscadail a bhreathnú.
6. Tabhair cuireadh do roinnt aoi-mholtóirí (múinteoirí ar scor, tuismitheoirí, ionadaithe ó thionscail áitiúla).
7. Bain úsáid as na rúibricí moltóireachta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin SciFest; cliceáil ar an roghchlár Acmhainní.
8. Bíodh cúpla duais bheag agat agus bronn teastas ar gach scoláire (ar fáil ó SciFest).
9. Bronn na duaiseanna agus na teastais ag deireadh an lae nó ag tionól an lá dar gcionn.
10. Eagraigh cruinniú ina dhiaidh ar mhaithe le plé a dhéanamh ar mar a d'éirigh leis an ócáid.

Pictiúir ó thaispeántais STEM SciFest@School